

Mata Rang 6: Seans

18ú – 22ú Bealtaine

Téarmaí 'Seans' sa Teanga

2. Meaitseáil gach ráiteas sa bhosca **gorm** leis an toradh (sa bhosca **buí**) a bhfuil an seans is fearr aige tarlú.

ráiteas	toradh
(a) Seo mí an Mheithimh. Is é mí Aibreáin an chéad mhí eile.	b'fhéidir (Níl) seans ar bith ann
(b) Beidh báisteach in Éirinn an mhí seo chugainn.	ar éigean
(c) Beidh sneachta in Éirinn i mbliana.	seans cothrom
(d) Gheobhaidh daoine bás mura n-itheann nó mura n-ólann siad.	an-seans
(e) Buafaidh Nua Eabhrac Cluiche Ceannais na hÉireann laistigh de dheich mbliana.	cinnte
(f) Buafaidh mé an cluiche fichille in oghaidh mo chorad.	

3. Déan 6 ráiteas de do chuid féin agus úsáid ceann amháin díobh seo thíos mar thoradh i ngach ráiteas.

- (a) (níl) seans ar bith ann (b) cinnte (c) ar éigean
(d) b'fhéidir (e) seans cothrom (f) an-seans

Seánthéarmaí: Seans: na torthaí a bhíonn ar fáil ar pháirce d'ádhúl (b'fhéidir a dhéanfaidh agus a dhéanfaidh); an t-ádhúlacht go dtuairisc
seans ar bith ann: seans ar bith ann; seans cothrom: seans cothrom agus líonair mionáid; cinnte: ádhúl agus a úsáid.

165

Seans



I mí Iúil na bliana seo caite chuaigh teaghlach Mháire chun na Spáinne ar laethanta saoire.



1. Cé acu de na focail seo a leanas, seans ar bith, dóchúil, neamhdhóchúil nó cinnte, a bheadh ina dtorthaí oiriúnacha le haghaidh na ráiteas seo a leanas faoi laethanta saoire Mháire sa Spáinn.

- (a) Bhí an aimsir grianmhar brothallach sa Spáinn.
(b) Is sa charr a rinne siad an turas ar fad chun na Spáinne.
(c) D'imigh siad ó Aerfort Chnoc Mhuire i Maigh Eo.
(d) Thuirling siad ag Aerfort Nua Eabhrac nuair a shroich siad an Spáinn.
(e) Iodsan an t-aon teaghlach amháin a bhí ar bhord an eitleáin.
(f) Thit báisteach throm gach lá le linn a laethanta saoire.
(g) Thuirling siad ag Aerfort Malaga nuair a shroich siad an Spáinn.
(h) Nuair a thuirling an t-eitleán go slán sábháilte bhí sé bunoscionn.
(i) Níor mhair a laethanta saoire ach lá amháin.
(j) D'fhan máinteoir Mháire san árasán béal dorais.

Téarmaí 'Seans' sa Teanga (The Language of Chance)

Ceist 2:

Meaitseáil gach ráiteas sa bhosca **gorm** leis an toradh sa bhosca **buí** a bhfuil an seans is fearr aige tarlú.

Match each statement in the blue box to the most likely result in the yellow box, using the language of chance.

- B'fhéidir – maybe
 - Nil seans ar bith ann/Seans ar bith – no chance
 - Ar éigin – hardly likely
 - Seans cothrom – equal chance (50/50)
 - An-seans – extremely likely
 - Cinnte – certain
- Críochnaigh ceist 2 anois.

Ceist 1:

Léigh an scéal ag barr na bileoige agus meaitseáil gach ráiteas ó (a) – (j) leis an toradh is dóchúla.

Read the little story at the top of the page and match each statement to it's most likely result.

- Seans ar bith – no chance
- Dóchúil – possible/likely
- Neamhdhóchúil – unlikely
- Cinnte – certain

e.g.

(a) Bhí an aimsir grianmhar brothallach sa Spáinn – cinnte

➤ Críochnaigh an cheist anois.

Seans

Tá 4 chiúb i mála – dhá cheann **ghorma**, ceann **dearg** agus ceann **glas**.



Má tharraingim ciúb as an mála, is dóchúla go mbeidh sé **gorm** toisc go bhfuil dhá chiúb **ghorma** ann.

Is iad na seansanna go mbeidh sé **gorm** ná ...

dhá sheans
as 4
 $\frac{2}{4}$

nó

1 seans
as 2
 $\frac{1}{2}$

Bain triail as. Piac ciúb as an mála **ceithre huaire**. (Cuir ar ais é gach uair agus croith an mála) Ar tharraing tú ciúb **gorm** **dhá uair** as na **ceithre** tharraingt? (An raibh tú ag súil leis sin?)

Bain triail as arís. An uair seo tarraing ciúb ón mála **20 uair**. Cé mhéad uair a tharraing tú ciúb **gorm**?



Ar tharraing tú ciúb gorm leath an ama?

An féidir bheith cinnte faoin toradh?



1. Cuir 4 chiúb i mála – 3 chiúb **ghorma** agus ciúb **dearg**.
Cad iad na seansanna go dtarraingeoidh tú ciúb **gorm**?
 as

Bain triail as. Tarraing agus cuir ar ais ceithre huaire.
2. Cuir 4 chiúb i mála – 3 chiúb **ghorma** agus ciúb **dearg**.
Cad iad na seansanna go dtarraingeoidh tú ciúb **dearg**?
 as

Bain triail as. Tarraing agus cuir ar ais ceithre huaire.
3. Cuir 6 chiúb i mála – 5 chiúb **dhearga** agus ciúb **gorm**.
Cad iad na seansanna go dtarraingeoidh tú ciúb **dearg**?
 as

Bain triail as. Tarraing agus cuir ar ais sé huaire.
4. Cuir 6 chiúb i mála – 5 chiúb **dhearga** agus ciúb **gorm**.
Cad iad na seansanna go dtarraingeoidh tú ciúb **gorm**?
 as

Bain triail as. Tarraing agus cuir ar ais sé huaire.
5. Cuir 6 chiúb i mála – 3 chiúb **ghorma**, 2 chiúb **dhearga** agus ciúb **glas**. Cad iad na seansanna go dtarraingeoidh tú ciúb **gorm**?
 as nó as

Bain triail as. Tarraing agus cuir ar ais dhá uair.
6. Cuir 6 chiúb i mála – 3 chiúb **ghorma**, 2 chiúb **dhearga** agus ciúb **glas**. Cad iad na seansanna go dtarraingeoidh tú ciúb **dearg**?
 as nó as

Bain triail as. Tarraing agus cuir ar ais trí huaire.

Sampla / Example

There are 4 cubes in a bag – two blue, one red and one green.

If I take one cube from the bag, it will more than likely be blue because there are more blue cubes in the bag.

The chances of my picking a blue cube from the bag are two chances out of four or $2/4 = 1/2$

Ceist 1:

There are 4 cubes in a bag – 3 blue and one red.
What are the chances of picking a blue cube?

Ceist 2:

There are 4 cubes in a bag – 3 blue and one red.
What are the chances of picking a red cube?

Ceist 3:

There are 6 cubes in a bag – 5 red and one blue.
What are the chances of picking a red one?

Ceist 4:

There are 6 cubes in a bag – 5 red and one blue.
What are the chances of picking a blue one?

Ceist 5 & 6

There are 6 cubes in a bag – 3 blue, 2 red and one green.
What are the chances of picking a blue one?
What are the chances of picking a red one?
What are the chances of picking a green one?

Seans

Ag caitheamh díse séthaobhach



I gcuid mhaith cluichí boird bíonn ar na himreoirí 6 a fháil ar an díse chun tosú. Tá $\frac{1}{6}$ seans in $\frac{1}{6}$ go bhfaighidh tú 6. Is féidir é a scríobh i bhfoirm chodáin freisin $\frac{1}{6}$.

1. Nuair a chaitheann duine díse séthaobhach, cén seans atá an go

- | | |
|--------------------------------|--------------------------------|
| (a) gcaithfidh sé 5? | (b) gcaithfidh sé 1? |
| (c) gcaithfidh sé 3? | (d) gcaithfidh sé corruimhir? |
| (e) gcaithfidh sé iolraí de 2? | (f) gcaithfidh sé iolraí de 3? |
| (g) gcaithfidh sé iolraí de 4? | (h) gcaithfidh sé ré-uimhir? |
| (i) gcaithfidh sé 7? | (j) gcaithfidh sé iolraí de 5? |

Seans / Probability

Ag Caitheamh díse séthaobhach – throwing a 6-sided die

Most board games require that a person must throw a 6 on a die to be the first to have a go in the game. There is a 1 in 6 chance that you will throw a 6 and this can be written as a fraction $\frac{1}{6}$.

Ceist 1

Nuair a chaitheann duine díse séthaobhach, cén seans atá an go

When someone throws a six-sided die, what chance is there that they will throw, e.g.:

(a) 5 = $\frac{5}{6}$

- Críochnaigh ceist 1 b-j agus scríobh na freagraí mar chodáin.
- Complete question 1 b-j and write the answers as fractions.

(e) A multiple of 2 (e.g. 2, 4, 6)

(f) A Multiple of 3 (e.g. 3, 6)

(g) A multiple of 4 (e.g 4)


(h) An even number

(j) A multiple of 5 (e.g. 5)

Seans

TRIAL 3

Ag athrú seansanna



Cuir trí chiúb **bhui**, 1 chiúb **dhearg** agus 1 chiúb **ghorm** i mála. Nuair a phiocann tú chiúb sa triail seo ní chuireann tú ar ais sa mhála é. Tá 5 chiúb sa mhála ag an tús. Is iad na seansanna atá ann ceann **dearg** a tharraingt ná

1 | 5 nó $\frac{1}{5}$ nó 0.2 nó 20%

- (a) Cad iad na seansanna atá ann chiúb **bui** a tharraingt ag an tús?
(b) Cad iad na seansanna atá ann chiúb **gorm** a tharraingt ag an tús?

- Más chiúb **bui** é an chéad chiúb a tharraingíonn tú
(a) Cad iad na seansanna atá ann anois go dtarraingeoidh tú chiúb **bui**?
(b) Cad iad na seansanna atá ann anois go dtarraingeoidh tú chiúb **gorm**?
(c) Cad iad na seansanna atá ann anois go dtarraingeoidh tú chiúb **dearg**?



- Más chiúb **gorm** é an dara chiúb a tharraingíonn tú cad iad na seansanna atá ann anois go dtarraingeoidh tú
(i) chiúb **dearg**? (ii) chiúb **bui**? (iii) chiúb **gorm**?



- Más chiúb **bui** é an tríú chiúb a tharraingíonn tú cad iad na seansanna atá ann anois go dtarraingeoidh tú
(i) chiúb **dearg**? (ii) chiúb **bui**? (iii) chiúb **gorm**?



- Más chiúb **dearg** é an ceathrú chiúb a tharraingíonn tú cad iad na seansanna atá ann anois go dtarraingeoidh tú
(i) chiúb **glas**? (ii) chiúb **bui**? (iii) chiúb **dearg** (iv) chiúb **gorm**?



There are 3 yellow cubes, 1 red cube and 1 blue cube in the bag. When you remove a cube from the bag, you do not put it back in. There are 5 cubes in the bag at the beginning of the experiment.

The chances of picking a red cube are $1 \text{ in } 5 = \frac{1}{5} = 0.2 = 20\%$

➤ **For each of the questions 1 – 5, you must write your answers as (a) fractions (b) decimals and (c) percentages**

Ceist 1:

- (a) What are the chances of picking a yellow cube at the beginning?
(b) What are the chances of picking a blue cube at the beginning?

Ceist 2: If a yellow cube is removed:

- (a) What are the chances now that you will pick a yellow cube?
(b) What are the chances now that you will pick a blue cube?
(c) What are the chances now that you will pick a red cube?

Ceist 3: If a blue cube is now removed as well:

- (a) What are the chances of picking
(i) A red cube (ii) a yellow cube (iii) a blue cube

Ceist 4: If you now remove another yellow cube, what are the chances of picking

- (i) A red cube (ii) a yellow cube (iii) a blue cube

Ceist 5: If you now also remove a red cube, what are the chances that you will pick

- (i) A green cube (ii) a yellow cube (iii) a red cube (iv) a blue cube

Táblaí na Seachtaine: '3', '6', '9'

